# Gníomhaíochtaí Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí seomra ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil sa scoilbhliain 2020/2021

CC BY NC

# Intreoir

Is sainseirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tá sé mar aidhm ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí múinteoirí a spreagadh, a chothú agus a chumhachtú san athrú ó bhonn atá tagtha ar oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn. Is í an tsainfhoireann Teicneolaíochtaí laistigh den SSM, ar a dtugtar JCt4 go coitianta, atá freagrach as ceithre hábhair na dTeicneolaíochtaí sa tSraith Shóisearach (Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid).

I bhforbairt na hacmhainne seo, tá sé mar aidhm ag foireann JCt4 eispéiris shaibhre foghlama a chruthú chun sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí a chomhlánú, go háirithe sa chomhthéacs níos leithne do scoláirí agus do mhúinteoirí atá ag filleadh ar scoil agus nósanna imeachta COVID-19 i bhfeidhm. Níl le húsáid ar bhealach líneach a dearadh na hacmhainní a cruthaíodh, ach chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a oibríonn do scoileanna aonair ina gcomhthéacs aonair. Moltar naisc fhéideartha le hábhair eile agus an fhéidearthacht chun iniúchadh a dhéanamh ar na hábhair sin i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach ó thús deireadh agus arís eile, iarrtar ar mhúinteoirí na naisc seo a chur in oiriúint agus a iniúchadh chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí agus ar chomhthéacs a scoile féin.



Agus tú ag fiosrú na hacmhainne seo, féadfaidh tú naisc fhéideartha a aithint le hábhair eile agus an deis chun na hábhair seo a fhiosrú i réimsí foghlama eile laistigh den tSraith Shóisearach. Ar mhiste leat an taithí a bhíonn agat ar na hacmhainní seo a úsáid a chur in iúl dúinn ar na meáin shóisialta trí JCt4ed agus @JCforTeachers .

# Clár


Leathanach 1 — Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Leathanach 2 — Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Leathanach 3 — Cuir chuige foghlama

Leathanach 4 — Príomhscileanna

Leathanach 5 — Mé Féin a Bhainistiú

Leathanach 6 — Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Leathanach 7 — Fanacht Folláin

Leathanach 8 — Gníomhaíochtaí Ghrafaic

Leathanach 9 — Comharthaíocht sábháilteachta *(Bliainghrúpa Molta: An Chéad Bhliain)*

Leathanach 15 — Foghlaim ón mbaile *(Bliainghrúpa Molta: An Dara Bliain)*















Cliceáil le haghaidh na ndoiciméad

***Príomhdhoiciméid atá mar bhonn agus mar thaca ag an acmhainn seo***

# Na túsphointí don fhoghlaim a aithint

Beidh riachtanais éagsúla ag scoláirí agus iad ag filleadh ar an scoil agus beidh ar mhúinteoirí a bheith aireach faoi eispéiris foghlama a sholáthar a shásaíonn na riachtanais sin. Dá bhrí sin, beidh múinteoirí san airdeall faoin bpointe ag a bhfuil a scoláirí; beidh orthu am a ghlacadh chun riachtanais na scoláirí a mheas, agus b'fhéidir go mbeadh orthu agus go mba mhian leo an fhoghlaim a tharla roimhe seo a athdhaingniú sula gcuirfear foghlaim nua i láthair. Beidh cur chuige a thógann ar láidreachtaí na scoláirí ríthábhachtach sa chomhthéacs seo. Ina leith sin, seo a leanas roinnt ceisteanna tábhachtacha do scoileanna:


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ag filleadh ar an scoil

Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile

Iúil 2020

Leagan 1.0

**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14**

An ndearna mé machnamh ar an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí ó thaobh na foghlama de?

Ar aithin mé bearta éagsúla measúnú foirmitheach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag scoláirí?

An ndearna muid, mar roinn ábhair, athbhreithniú ar shonraíochtaí ábhar agus ar aimsigh muid torthaí foghlama atá ina dtosaíochtaí don fhilleadh ar scoil?

An bhfuil deiseanna foghlama traschuraclaim aitheanta agus pleanáilte againn i gcomhar le chéile chun a chinntiú go mbeidh oiread torthaí foghlaimeoirí ann agus is féidir?



# Ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim

Beidh cinntí lárnacha á ndéanamh ag múinteoirí, agus iad ag tógáil ar mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí mar atá leagtha amach thuas, faoina bhfoghlaimíonn scoláirí, an tord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaíagus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Is iad na múinteoirí agus na scoileanna isfearr a dhéanfaidh na cinntí seo agus a chuirfidh breithiúnas gairmiúil agusneamhspleáchas i bhfeidhm sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim:

An gcuireann mo phleanáil ceachta cinntí comhoibríocha san áireamh faoi theagasc agus foghlaim lena n-áirítear cinntí faoi fhoghlaim riachtanach, seicheamh na foghlama, an luas ag a bhfoghlaimíonn scoláirí agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad?

An bhfuil soláthar sna heispéiris foghlama atá pleanáilte don idirghníomhaíocht shóisialta agus do chomhoibriú idir scoláirí?

An ndéanann na tascanna atá pleanáilte measúnú ar na torthaí foghlama nó ar na cuspóirí a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh thar shraith ceachtanna?



An bhfuil rochtain ag gach scoláire ar na tascanna agus na gníomhaíochtaí foghlama atá pleanáilte, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus breise oideachais acu san áireamh?




**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14**

# Cuir chuige foghlama

Tá sé ríthábhachtach, ó thús na scoilbhliana, go gcuirtear réimse leathan eispéireas foghlama gníomhaí ar fáil do gach scoláire. Áirítear:


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ag filleadh ar an scoil

Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile

Iúil 2020

Leagan 1.0

**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 13 agus 14**

- Tosaíocht a thabhairt do cheachtanna praiticiúla le cur ar chumas scoláirí léiriú a thabhairt ar scileanna agus eolas a forbraíodh i dtréimhse na cianfhoghlama
- Eispéiris foghlama a sholáthar bunaithe ar obair bheirte agus obair ghrúpa a thacaíonn le hidirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht scoláirí i ndéanamh brí; cuideoidh sé seo le torthaí foghlama/cuspóirí a bhaint amach ar fud an churaclaim, go háirithe i réimsí teanga, matamaitice, an ghnó, na heolaíochta agus na teicneolaíochta agus na healaíona
- Teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ar bhealach sofhreagrach agus nuálach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Ceistiúchán, tascanna agus comhdhálacha scoláirí-múinteoirí; is cuir chuige praiticiúla agus éifeachtacha don mheasúnú iad seo a chabhróidh le réimsí tosaíochta inar gá foghlaim scoláirí a chur chun cinn a aithint.

# Príomhscileanna

I bhfianaise dhúnadh na scoileanna agus na riachtanais sláinte ábhartha, tá a lán scoileanna tar éis bealaí cruthaitheacha agus nuálacha a ghlacadh cheana féin chun fáiltiú roimh scoláirí na chéad bhliana isteach sa scoil. Má tharla nach raibh deis ag scoláirí na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil mar ghnáthnós agus iad bogadh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a bheith acu, is cóir tosaíocht a thabhairt do phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ar nós Mé Féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireachta a Bhainistiú, agus Fanacht Folláin trí chláir ionduchtaithe agus folláine na scoile.




**Curtha in oiriúint ó leathanaigh 10**

Mé Féin a Bhainistiú

Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

Fanacht Folláin




# Mé Féin a Bhainistiú

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a chaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Tecineolaíocht dhigiteach a úsaid chun mé fein agus mo chuid foghlama a bhainistiú

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF




# Fanacht Folláin

- A bheith folláin, fisicúil agus gníomhach
- A bheith sóisalta
- A bheith slán
- A bheith spiordálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freadrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF



An Roinn Oideachais agus Scileanna

# Grafaic na Sraithe Sóisearaí Sonraíocht

Cliceáil anseo do shonraíocht Ghrafaice na Sraithe Sóisearaí



Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí seomra ranga seo a leanas do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí na príomhscileanna a fhorbairt a bhaineann le Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin. Is ag na múinteoirí is fearr a chuirfidh na gníomhaíochtaí seo in oiriúint chun freastal ar réamhfhoghlaim, comhthéacs áitiúil agus riachtanais a gcuid scoláirí.

“Díríonn an tsonraíocht do Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí ar thuiscint an scoláire ar fheidhmeanna agus ar thionchar na dteicneolaíochtaí sa domhan mórthimpeall air a fhorbairt agus ar scileanna an scoláire i ndáil leis na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt. Bainfear iad sin amach trí thrí shnáithe chomhthéacsúla idirnasctha: **Grafaic 2T**, **Grafaic 3T** agus **Grafaic fheidhmeach.**

Baineann Grafaic úsáid as cur chuige trasdisciplíneach a chuireann nascadh na dtrí snáithe chun cinn i dteagasc agus i bhfoghlaim an ábhair. Dearadh í d’íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

*- arna chur in oiriúint ó shonraíocht Ghrafaice na Sraithe Sóisearaí, leathanach 9.*



# Comharthaíocht sábháilteachta

**Fócas:** Scileanna léiriú grafach, forbairt a dhéanamh ar na Príomhscileanna Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú & Fanacht Folláin

**Bliainghrúpa Molta:** An Chéad Bhliain

**Leathanach 9**


CC BY NC

# Acmhainn 1

**Fócas:** Scileanna léiriú grafach, forbairt a dhéanamh ar na Príomhscileanna Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú

**Bliainghrúpa Molta:** An Chéad Bhliain




**Nóta do mhúinteoirí:**

Tá an acmhainn seo a leanas deartha go mbeidh sé ag teacht leis an tsonraíocht Ghrafaice agus leis na torthaí foghlama. Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

## SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ:

Seo roinnt Snáitheanna agus Gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh le haghaidh na ngníomhaíochtaí molta seo:

**Snáitheanna:**

- Grafaic 2t
- Grafaic Fheidhmeach

**Gnéithe:**

- Réasúnú Spásúil
- Prionsabail Agus Tógálacha Geoiméadracha

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le torthaí foghlama, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.

## Réamhrá

Bhí ról tábhachtach ag comharthaíocht i gcónaí maidir leis an gcaoi a mbíonn daoine ag plé le timpeallachtaí agus le cásanna áirithe ar nós seomraí ranga, scoileanna, modhanna iompair srl. De réir mar a théann scoláirí i dtaithí ar chomharthaí áitiúla agus ar eolas a bhainistiú ina scoil, is deis é freisin na cruthanna geoiméadracha a aithint a bhíonn le fáil sna comharthaí sin.

## Tasc

Tá sé de chúram ar an scoláire taighde a dhéanamh ar chomharthaí áitiúla le fócas ar Ghrafaic 2T agus trí phlé leis an múinteoir ranga, póstaer a chruthú, a bheadh oiriúnach don seomra ranga, chun timpeallacht oibre shábháilte a chaomhnú.








*Sampla de chomharthaíocht*




## Gníomhaíochtaí féideartha mac léinn

1. Roghnaigh comhartha oiriúnach laistigh de thimpeallacht na scoile chun an méid Geoiméadracht 2T atá ann a aithint agus anailís a dhéanamh air.



**Nóta:** *Baineann na boilgeoga corcra leis na tacaí a leanann*

2. Plé faoi stiúir an mhúinteora: Forbraítear liosta comhaontaithe ranga chun timpeallacht shábháilte sa seomra ranga a chruthú trí phlé sa rang ar na nithe atá riachtanach chun timpeallacht shábháilte sa seomra ranga a chruthú





3. An chomharthaíocht ina dtimpeallacht láithreach a iniúchadh agus colláis a chruthú. Is é an fócas anseo cruthanna geoiméadracha oiriúnacha a aithint.

4. Scoláirí i mbeirteanna / grúpaí: Póstaer ranga a chumadh agus a chur in iúl ag baint úsáid as líníocht theicniúil agus Geoiméadracht chuí 2T chun aird a tharraingt ar bhealaí inar féidir leis an ngrúpa timpeallacht oibre shábháilte a chaomhnú.





*Baintear úsáid as aon mheáin ghrafacha a oireann.*

Le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt céanna agus acmhainní breise a bhaineann le cruthanna agus tógálacha 2T, a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do ghrúpa céad bhliana, féach ábhair a bhaineann le cnuaslá Grafaice 2018 / 2019 trí scanadh / chliceáil ar an gcód MF thíos.




❶

## Comharthaíocht a fhiosrú

Is féidir céimseata a fháil thart timpeall orainn agus i ngach áit a bhféachaimid. Don ghníomhaíocht seo, d'fhéadfadh an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar chomharthaíocht a fheiceann siad sa bhaile, ar an mbealach chun na scoile, ar scoil nó ina gcuid caithimh aimsire le fócas ar Ghrafaic 2T.












*Cad iad na híomhánna a d'fhéadfainn a áireamh a mbeadh spéis ag na mic léinn a mhúinim?*

*Cén cineál Céimseata 2T a mbeidh mé ag díriú air?*




Le haghaidh gníomhaíochtaí den chineál céanna ar Ghrafaic 2T a aithint i rudaí laethúla, a d'fhéadfadh a bheith mar spreagadh don ghníomhaíocht seo, féach ábhair a bhaineann le cnuaslá Grafaice 2018 / 2019 trí scanadh / chliceáil ar an gcód MF thíos.

D'fhéadfadh scoláirí díriú ansin ar chomharthaíocht laistigh den scoil agus tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi chun aitheantas a thabhairt don Gheoiméadracht 2T atá le feiceáil. Seo thíos roinnt leidcheisteanna chun cabhrú leat pleanáil i gcomhair riachtanais foghlama reatha do scoláirí:

*Cad iad príomhphrionsabail na ngeoiméadrachtaí a ba mhaith liom na scoláirí a aithint?*

*Cén réamheolas atá ag mo scoláirí?*



*An bhfuil comharthaíocht áitiúil ann a d'fhéadfainn a úsáid a bheadh ábhartha do mo scoláirí?*

**Nóta do mhúinteoirí:**
Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF


# Plé sa seomra ranga

## Smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas mar ghrúpa ranga:

*Conas is fearr is féidir linn idirghníomhú lena chéile chun timpeallacht oibre shábháilte a chinntiú?*

Cad iad na hathruithe nua sa scoil a gcaithfidh mo scoláirí a bheith ar an eolas fúthu?

*Cad iad na príomhrudaí ar chóir a bheith ar an eolas fúthu agus trealamh in úsáid sa seomra ranga?*




***Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus I Lárionaid Oideachais***

## Liosta Comhaontaithe

Inár seomra ranga ba cheart dúinn

✓

✓

✓

✓

✓

**Nóta do mhúinteoirí:**
Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

❸

# Cruthanna 2T a thógáil agus feidhmeanna sa saol fíor.

Nuair a bheadh buneolas ag scoláirí ar chruthanna 2T éagsúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh suim acu samplaí díobh a aimsiú sa saol fíor nó imscrúdú a dhéanamh ar an áit a raibh tionchar ag cruthanna geoiméadracha ar dhearaí daonna. D'fhéadfadh nithe ar scoil, i gceantar áitiúil nó sa bhaile, a bheith san áireamh leis seo.


Acmhainn ranga úsáideach eile a d'fhéadfadh scoláirí a chruthú i gcomhar le chéile is ea banc d’fhíseáin 'conas-a-dhéantar' a thugann mionléiriú ar thógálacha polagáin rialta. Chuirfeadh roinnt samplaí de na polagáin sin ón domhan fíor go mór leis an acmhainn.


*An bhfuil aon táirgí / réada eile a bheadh ina ndíol spéise ag mo scoláirí agus iad ag iniúchadh cruthanna / céimseata 2T?*





***Sampla a thaispeántar de choisbheart Adidas***





***Cabhróidh físeán teagaisc nó treoracha scríofa le daoine eile máistreacht a fháil ar na modhanna tógála chun cruthanna 2T éagsúla a tharraingt***

**Nóta do mhúinteoirí:**
Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb’fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.


❹

# Póstaer ranga a fhorbairt

Leis na scileanna a forbraíodh chun grafaicí 2T a imscrúdú, d'fhéadfadh scoláirí, i mbeirteanna agus / nó i ngrúpaí, póstaer a fhorbairt dá seomra ranga ina leagtar amach na bealaí chun timpeallacht shábháilte oibre a chaomhnú a d'aontaigh an grúpa ranga níos luaithe.

Gné shuimiúil eile a d'fhéadfaí a fhorbairt anseo is ea rindreáil agus úsáid dathanna i gcomharthaíocht.

D'fhéadfadh an scoláire an póstaer a chur i láthair an ghrúpa ranga ag baint úsáid as na meáin chuí.





## Smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas mar ghrúpa ranga:

Cad iad na príomhphíosaí faisnéise a ba mhaith liom a thaispeáint sa phóstaer seo? Conas a chuirfeadh sé sin le fanacht folláin ar scoil?

Cé chomh mór is a bheidh mo thaispeántas? Cén méid a ba chóir a bheith sna grafaicí agus sa téacs?

Cad iad na cruthanna geoiméadracha 2T a d'fhéadfainn a chur isteach i mo dhearadh?





Cén cód dathanna a d'fhéadfainn a úsáid don phóstaer?

An cuma?

An bhfuil aon chúinsí eile ann a thiocfadh le mo scoláirí a chur san áireamh?



## Liosta Comhaontaithe

Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas le fáil i mo phóstaer::

- ✓
- ✓
- ✓
- ✓
- ✓

**Nóta do mhúinteoirí:**
Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

Junior Cycle for Teachers
JCT
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE
for teachers

# Foghlaim ón mbaile

**Fócas:** Seisiún tosaigh ar dhearadh, na Príomhscileanna a fhorbairt: Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú & Fanacht Folláin

**Bliainghrúpa Molta:** An Dara Bliain

**Leathanach 16**

cc BY NC

# Acmhainn 2


**<u>Fócas:</u>** Seisiún tosaigh ar dhearadh, na Príomhscileanna a fhorbairt:

Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú &

Fanacht Folláin

**<u>Bliainghrúpa Molta:</u>** An Dara Bliain




**Nóta do mhúinteoirí:**

Tá an acmhainn seo a leanas deartha go mbeidh sé ag teacht leis an tsonraíocht Ghrafaice agus leis na torthaí foghlama.Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe
a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.



## SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ:

Seo roinnt Snáitheanna agus Gnéithe féideartha a d'fhéadfaí a iniúchadh le haghaidh na ngníomhaíochtaí molta seo:

**Snáitheanna:**

- Grafaic 2t
- Grafaic 3t
- Grafaic Fheidhmeach

**Gnéithe:**

- Smaointeoireacht Dearaidh
- Cumarsáid

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le torthaí foghlama, ba cheart duit
machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs ranga, fócas na foghlama agus na briathra gnímh a ba mhaith leat a fhorbairt le do scoláirí. Níl sa liosta thuas ach moladh ar na snáitheanna agus ar na gnéithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ina dhiaidh seo.



## Réamhrá

Tá foghlaim agus obair chianda mar chuid dár saol ar fad in 2020. Ag machnamh ar ár dtaithí féin, smaoinigh conas a dhéanfá do stáisiún oibre, nó ceann a chonaic tú ó thaighde ar líne, a athdhearadh chun spás taitneamhach agus táirgiúil a dhéanamh le bheith ag foghlaim agus ag obair ann.

## Tasc

Tá sé de chúram ar scoláirí taighde príomhúil agus tánaisteach a dhéanamh, cinntí eolasacha a dhéanamh maidir leis an dearadh a mholann siad agus togra a chur i láthair i bhformáid ghrafach oiriúnach.





*Is féidir samplaí de spásanna oibre míshlachtmhara a fheiceáil thuas*

## Possible student activities

*Nóta: Baineann na boilgeoga corcra leis na tacaí a leanann*




Agallamh le duine atá ag obair ón mbaile



Taighde Idirlín le haghaidh réitigh mhalartacha




3 Samhail DRC den dearadh atá beartaithe a chruthú. D'fhéadfaí pacáistí scamall-bhunaithe ar líne a úsáid sa bhaile



Radhairc mhionsonraithe ortagrafacha den dearadh atá beartaithe, a thaispeánann sonraí agus gnéithe


1 Colláis de spás staidéir reatha na scoláirí, ag plé buntáistí agus míbhuntáistí



2 B'fhiú smaoineamh ar théama nó ar phrionsabal sa chéimseata mar fhócas síos trí do dhearadh



Léiriú 3T a chruthú de do dhearadh




Treoróidh an cód MF anonn thú chuig acmhainn 'Próiseas Dearaidh' a d'fhéadfadh cabhrú le scoláirí a gcuid tascanna a struchtúrú

❶

## Colláis ar thaighde / smaointe


B'fhéidir gur mhaith leis na scoláirí colláis de ghrianghraif agus / nó sceitsí a chruthú a léiríonn a spás foghlama reatha nó ionaid oibre a bhfuil taighde déanta acu orthu ar líne. D'fhéadfadh an taighde príomhúil seo a bheith mar spreagadh chun leagan amach nó gnéithe uathúla a roinnt leis an rang. D'fhéadfadh cleachtadh den chineál céanna a bheith ann le smaointe dearaidh sceitseáilte nó le taighde tánaisteach ó irisí / ón idirlíon.



befunky

Adobe Spark

PIC•COLLAGE




*Sampla de cholláis dhigiteach ar [www.befunky.com](http://www.befunky.com)*





**Nóta do mhúinteoirí:**
Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF

❷


# My Design Guide




Próiseas Deartha - ar fáil ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie)


D'fhéadfadh 'Mo Threoir Dhearaidh' cabhrú le scoláirí a bpróiseas deartha a scafláil ó smaointe a ghiniúint, cinntí a dhéanamh agus roghanna eile a fhiosrú chun a réiteach deiridh a chruthú. Rinneadh cur síos i seimineár gréasáin JCt4, a craoladh i mí Aibreáin 2020, ar an gcaoi ar úsáid múinteoir Grafaice 'Mo Threoir Dhearaidh' chun acmhainn struchtúrtha a chruthú dá chuid scoláirí chun taighde, smaointe agus tuairimí a logáil do thionscadal ar leith. Is féidir an acmhainn sin a fheiceáil thuas.

D'fhéadfadh plé ranga ar an gcaoi a ndéantar smaointe, cinntí agus réitigh dearaidh a logáil, d'fhéadfadh sé cabhrú le scoláirí a gcuid moltaí a struchtúrú. D'fhéadfadh 'Mo Threoir Dhearaidh' a bheith mar spreagadh do phlé den sórt sin..



An bhféadfaí dul chun cinn mo scoláirí a logáil i bhfoirm dhigiteach nó an é an leagan páipéar-bhunaithe is fearr? D'fhéadfadh sin a bheith ina chomhrá suimiúil le tabhairt do mo rang..

Chun teacht ar an ábhar seimineár gréasáin seo, déan scanadh / cliceáil ar an gcód MF




Le haghaidh cóip iomlán de 'Mo Threoir Dhearaidh', cliceáil nó scan an cód MF thíos. D'fhéadfadh sé sin noda breise a thabhairt do smaointeoireacht scoláirí.

**Nóta do mhúinteoirí:**


Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF

❸

# Déanamh Samhaltán

B'fhéidir gur mhaith le scoláirí samhail a thógáil den réiteach dearaidh atá beartaithe acu. Chabhródh sé sin leo mionchoigeartú a dhéanamh ar a smaoineamh / smaointe dearaidh. B'fhéidir gur mhaith leis na scoláirí samhail fhisiciúil a thógáil as páipéar nó as cárta nó b'fhéidir samhail DRC a chruthú. D'fhéadfaí bogearraí ar nós Tinkercad nó Sketchup a iniúchadh mar cheacht tosaigh ar shamhaltú 3T DRC. D'fhéadfaí comhaid réaltacht bhreisithe (RB) a iniúchadh freisin ag baint úsáid as acmhainní ar nós an chiúib chumaisc mar mhalairt ar phriontáil 3T.




TINKERCAD

Onshape



*Roinnt naisc ábhartha ar líne*






*Acmhainní DRC agus RB ar www.jct.ie*



An bhfuil aon réamheolas ag mo scoláirí ar rudaí / cruthanna a shamhaltú?

An gcaithfidh gach scoláire a ndearadh molta a shamhaltú san fhoirm chéanna? Má bhíonn éagsúlacht ann chabhródh sí sin le foghlaim piaraí.

**Nóta do mhúinteoirí:**
Tá moltaí le fáil laistigh den acmhainn seo do réimse eispéiris foghlama féideartha, a fhorbraítear thar na trí shnáithe. Is féidir na gníomhaíochtaí moltaa úsáid ina n-aonar tar éis tréimhse theagaisc nó mar mheascán de ghníomhaíochtaí. Braitheann an doimhneacht agus an t-am a thugtar ar phlean an mhúinteora don fhoghlaim agus ar réamheolas agus tuiscint a chuid scoláirí. Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar chomhthéacs a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Ag pleanáil dóibh, ba chóir do mhúinteoirí a chur san áireamh freisin go mb'fhéidir gur ghá do scoláirí a bheith ag foghlaim ó baile. Má bhíonn scoláirí ag plé le foghlaim ón mbaile, seans gur gá na nósanna imeachta measúnaithe agus tuairiscithe a atheagrú chun an cúinse sin a chur in iúl.

Cliceáil nó déan scanadh ar na cóid MF

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Gníomhaíochtaí Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíochtaí seomra ranga don seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil sa scoilbhliain 2020/2021

Dearadh agus comhthiomsaíodh na hacmhainní seo mar fhreagairt ar 'Filleadh ar scoil - Treoir maidir le cláir foghlama agus scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile' agus díríodh iontu ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí: Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Mé Féin a Bhainistiú & Fanacht Folláin ón 'gCreat don tSraith Sóisearach 2015'.

Níl sna gníomhaíochtaí seo ach roinnt tascanna féideartha atáthar a mholadh agus a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh chun tabhairt faoi na Príomhscileanna sin sa seomra ranga Grafaice.

Ón aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí agus ar a gcomhthéacs, ba chóir go mbeadh a fhios acu cad iad na gníomhaíochtaí ab fhearr a mheallfadh a gcuid scoláirí.



cc BY NC